Dathanna ag dreapadóireacht crómatagrafaíocht

AIRGEAD

FEARAS	Páipéar súite nó scagpháipéar, marcóirí daite, próca, uisce
ULLMHÚCHÁN	Bailigh cnuasach maith de mharcóirí daite, cinn dhorcha agus gheala (oibríonn na cinn dhorcha níos fearr mar tá siad déanta as a lán dathanna). Bíodh cúpla marcóir uiscedhíonach ina measc chomh maith (ní scarann na dathanna iontu mar ní féidir leo tuaslagadh).
CÚLRA	Bíonn dúch agus dath déanta as ceimiceáin éagsúla. Chun dathanna a dhéanamh measctar a lán ceimiceán de dhathanna éagsúla le chéile. Fad is atá an t-uisce ag ardú sa pháipéar súite leánn sé na ceimiceáin agus iompraíonn sé leis iad. Leánn ceimiceáin éagsúla ag rátaí éagsúla agus taistealaíonn siad suas an páipéar ag rátaí éagsúla freisin. Seo mar a scarann na ceimiceáin óna chéile. Tugtar CRÓMATAGRAFAÍOCHT ar scaradh na gceimiceán, trí iad a shú, mar seo. Úsáideann ceimiceoirí crómatagrafaíocht chun glaine substaintí a thriail. Úsáideann dochtúirí í chun samplaí múin a thriail (ag lorg iarsmaí siúcra má tá diaibéiteas i gceist).
SCILEANNA	Ag breathnóireacht Ag imscrúdú agus ag tástáil
GNÍOMHAÍOCHT	Breathnóireacht ar cad a tharlaíonn nuair a shúitear dúch ó mharcóirí daite le scagpháipéar fliuch. Gearr stiallacha den scagpháipéar leathan go leor chun dul isteach sa phróca. Cuir dabaí de dhathanna éagsúla timpeall 5cm ón mbun. Cuir 2cm uisce sa phróca agus breathnaigh. Cad a rinne an t-uisce? Cad a tharla do na dathanna? Cé acu marcóirí is mó a raibh dathanna iontu? Cén fáth nach ndearna na dabaí ó roinnt de na marcóirí tada? Conas d'fhéadfá falsaíocht a aithint le crómatagrafaíocht?
SÁBHÁILTEACHT	Bí cúramach le huisce
FOLLOW-UP ACTIVITIES	(I) An féidir leat leabharmharc ildathach a dhéanamh le stiall fada (II) An féidir gléas chun plandaí a uisciú a dhéanamh (ní gá a bheith buartha faoi phlandaí agus tú ar laethanta saoire). (III) Cad iad na dathanna atá ar chumhdaigh milseán ar nós Smarties nó M & Ms?